

<b>Ainm an Tionscadail</b>	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
<b>Buntaifeadh</b>	T79
<b>Ainm an Agalláí</b>	Charlie Mac Ruairí
<b>Ainm an Agallóra</b>	Dónall Dinny Ó Gallachóir
<b>Dáta an Agallaimh</b>	23/11/2006
<b>Suíomh an Agallaimh</b>	Ráith, An Fál Carrach.
<b>Ainm an tras-scríbhneora</b>	Anna Ní Pheanróis
<b>Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.</b>	

(gáire)

(sos)

(--)

**Tosach lochtach**

\ \_\_\_\_\_ ,

**Focal dothuigthe**

\ \_\_\_\_\_ +'

**Níos mó ná focal amháin dothuigthe**

....

**Beirt ag caint ag an am amháin**

[]

**Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir**

\*\*\*\*\*

**DÓNALL:** Anois a *Charlie*, ba mhaith liom tú, scéal do, do, do chuid seanchais ar scéal fá, na muintir, lucht Árainn ag gabháil an..., ag gabháil isteach na bhaile, 1935 sílim a bhí ann nuair a cailleadh naoi gcloigeann déag [19] acu agus, bhí aithne agatsa ar anois ar an fhear deireannach, sábháladh fear amháin. Ba mhaith liom tú labhairt ar sin agus do chuid seanchais ar sin a *Charlie*.

**CHARLIE:** Bhuel sé, sé an mhuintir a bhfuil tú ag caint ar, deireann siad an "*Aranmore Disaster*" a tugadh air. 1935, bhí, bhí trí cloigne déag [13] acu ag teacht na bhaile i ndiaidh a bheith ag toghadh phréataí fá choinne sé mhí agus chuaigh seisear [6] amach as Árainn le bád beag seoltóireacht, b'fhéidir bád beag cúig troighe is fiche [25] ná sé troighe is fiche [26]. Chuaigh siad amach agus bhí, bhí cnap mór, ba ghnách leo san am sin *trunks* a bheith leofa agus *caseanna* agus bhí, bhí idir, bhí naoi gcloigne déag [19] uilig sa bhád. Agus bhí sé dorcha, mí Samhna a bhí ann tá..., i dtrátha an naoú lá de mhí Samhna agus bhí sé dorcha agus bhí sé ag cur agus bhuaile an bád creig ar an bhealach isteach agus caitheadh uilig isteach san fharrage iad. Níor sábháladh ach fear amháin, bhí sé, bhí sé ar an chíl an bháid i rith na hoíche, anonn is anall, chaith sé trí huairé déag [13] san uisce, *Páidí Gallagher*. Ach sábháladh ar maidin é ansin, bhí, bhí aithne mhaith agam ar Pháidí ná tógadh ag taobh Pháidí mé i rith mo shaol, fear galánta a bhí ann ach ní labhraíodh sé, ní labhraíodh sé fá dtaobh de an tragáiste [tragóid], níor labhair sé

ariamh air go dtí, go díreach sular bhfuair sé bás. Níor mhaith leis a bheith ag caint air ar chor ar bith air. Bhí aithne agam ar a, ar a mháthair fosta. Cailleadh seacht gcloigne de, de mhuintir Pháidí, ceithre dheartháir, dhá dheirfiúr agus a athair. Bhuel, bhí an mhuintir eile, comharsana agus daoine thart air uilig a bhí, bhí sa mhuintir eile a bhí. Ní, ní raibh aithne ar bith agamsa orthusan, bhí sé roimhe m'am ach ó, bhí am millteanach ar an oileán san am, bhí. Achan duine, chóir a bheith achan duine, bhí, bhí duine inteacht aige, ceangailte leis ar dhóigh inteacht. Agus ní bhfuarthas na coirp uilig san am sin, fuair, tá mé ag déanamh gur naoi, seachtar nó naonúr acu a fuarthas an chéad chúpla lá ach b'fhéidir seachtain ina dhiaidh sin, gheofaí, gheofaí corp agus seachtain ina dhiaidh sin gheofaí corp agus chuaigh sé ar aghaidh tamall maith, tá mé ag déanamh gur beirt acu nach bhfuarthas ariamh. Ach am millteanach, Páidí, bhí Páidí, fear galánta a bhí ann agus och, ní labhraíodh sé, mar a deir mé, ní labhraíodh sé air. Chuaigh sé ag iascaireacht arís é féin ina dhaidh sin agus ní, ní raibh eagla air roimh an fharraige ná a dhath ar bith. Agus fuair a mháthair, fuair a mháthair bás nuair a bhí sí ochtó agus a ceathair [84] ach ní raibh *Annie* a bhéarfadh siad uirthi, *Annie* Ní Ghallchóir, ní raibh sí mar is ceart ina dhiaidh, an créatúr. Á, ba ghnách léi a bheith ag caint nuair a, nuair a d'éirigh sí aosta, bhíodh sí ag caint agus ag caoineadh agus ag caint ar, ag quartú a cuid páistí agus d'imigh an intinn aici sna blianta deireanach, tá cuimhne agam. Ach caithfidh sé gur tubaiste millteanach a bhí ann dithise.

**DÓNALL:** Á, ba thragóideach an scéal é a *Charlie* agus ba chrua an fear a bhí in Páidí *Coyle??* nuair a d'fhan sé beo ansin istigh san uisce crochta ar thaobh an bháid ar feadh trí huaire déag ná cibé cá fhad.

**CHARLIE:** Ó, caithfidh se go raibh sé millteanach, ná tá a fhios agat féin i lár an gheimhridh agus é ag cur clocha sneachta agus gaoth mhór ann agus ina shuí ansin agus an t-uisce ag gabháil tharat i rith na hoíche. Dúirt se nach raibh sé fuar ach níl a fhios agam caidé mar a thioctadh leis gan a bheith fuar, trí huaire déag istigh san uisce fhuar sin. Caithfidh sé go ndeachaigh sé fríd rud millteanach agus bhí, bhí a athair ar chíl an bháid aige agus an deartháir ar an taobh eile agus nuair a fuair an t-athair bás, ní raibh sé, b'éigean do duine acu a choinneáil agus ní raibh se ábalta an

bheirt acu a choinneáil agus thit an t-athair, thit an t-athair den bhád agus d'ímigh sé ach choinnigh sé greim ar a dheartháir go dtí gur bhfuair sé bás, fuair sé bás am inteacht roimh an lae agus choinnigh sé greim air go dtí gur, gur sábháladh iad agus sábháladh eisean. Caithfidh sé go ndeachaigh sé fríd rud millteanach.

**DÓNALL:** Caithfidh sé go raibh sé damanta nuair a bhí sé ag amharc ar na soilse ag gabháil as in Árainn agus gan iad uil., i bhfad uilig amach san, uaidh, uaidh, uaidh an chósta ar chor ar bith, ní [ar ndóigh], ní raibh a *Charlie*? Ní raibh siad i bhfad amach as, as tír mór ar chor ar bith, ná as Árainn ar chor ar bith?

**CHARLIE:** Ní raibh, an áit a tharla an *tragáist*, ní, ní, ní raibh sé, ní raibh sé céad slat ach bhí, bhí na creigeacha uilig clúdaithe, bhí an, bhí an lán mara ard agus bhí na creigeacha clúdaithe. Nuair atá an lán mara amuigh, tá b'fhéidir sé nó seacht throighe a thioctadh os cionn an uisce agus dá mbeadh siad os cionn an uisce bheadh siad ábalta léimí suas orthu agus fanacht ansin. Ach bhí an lán mara ard agus bhí b'fhéidir ceithre nó chúigear throighe de chlúdach ar na clocha an t-am, an t-am a thosaigh, an t-am a tharla sé. Agus, ó, ní raibh siad i bhfad, shílfeá go mbeadh cúpla duine acu ábalta snámh ach níl a fhios agam an raibh a fhios acu go díreach cá háit a raibh siad.

**DÓNALL:** Sea.

**CHARLIE:** Bhí, bhí ceobrán ann agus bhí sé ag cur san am agus nuair a tharla sé agus b'fhéidir nach raibh a fhios acu go díreach chomh *clósáilte* agus a bhí siad den, den, den oilean.

**DÓNALL:** Tá sin fíor ná go smaointe go, daoine a bheadh maith ag snámh, go dtabharfá iarraidh mhaith air snámh isteach go, an oileáin, *you know*, arís.

**CHARLIE:** Bhuel shílfeá sin anois. Dá mbeadh a fhios agatsa anois an áit ar tharla sé, tá sé dochreidte go, go, go gcaillfí uilig iad.

**DÓNALL:** *Mmm.*

**CHARLIE:** Go, nach deachaigh duine nó beirt acu isteach go dtí an t-oileán ná mar a deir mé, níl sé ach céad slat agus níl a fhios agam cad chuige nach raibh siad ábalta sin a dhéanamh anois, tá sé. Muna, go díreach, shíl siad b'fhéidir go raibh siad níos faide amach, an bealach a bheadh siad ag gabháil, bheadh sé b'fhéidir dhá chéad slat níos faide amuigh.

**DÓNALL:** Sea.

**CHARLIE:** An áit a ba chóir daofa a bheith.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**CHARLIE:** Ach ní raibh siad ábalta a dhath a fheiceáil leis an cheobrán agus leis an fhearhainn agus ní raibh solais ar bith san am sin, ní raibh *porchanna* lasta ná a dhath ar bith *so* creidim go raibh sé doiligh.

\*\*\*\*\*